



An ócáid ag ar seoladh an dearadh buacach maidir leis an saothar dealbhóireachta ar champas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a nochtadh i mí na Samhna 2013, 'Apples and Atoms' le Eilís O'Connell RHA in onóir Ernest T.S. Walton, Duais Nobel san Fhísic sa bhliain 1951 in éineacht le Sir John D. Cockcroft

(C-D) An tOll. James Lunney (Ceann Scoil na Fíisce, Coláiste na Tríonóide), Catherine Giltrap (Coimeádaí Bhailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide), Eilís O'Connell (an dealbhóir), Marian Woods agus Philip Walton (clann Ernest Walton), An Dr. Patrick J. Prendergast (Propast, Coláiste na Tríonóide)

Rugadh Eilís O' Connell i nDoire i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1953. Rinne sí a cuid staidéir i Scoil Ealaíne Crawford, Corcaigh (1970 - 74), sa Massachusetts College of Art, Boston (1974-1975) agus i Scoil Ealaíne Crawford, Corcaigh (1975-77), mar ar uirthi a bronnadh an t-aon cháilíocht le gradam sa Dealbhóireacht sa bhliain 1977. Ar na gradaim eile a bronnadh uirthi ó shin, tá Gradam G.P.A. d'Ealaíontóirí atá ag teacht faoi bhláth 1981, Comhaltacht sa British School sa Róimh 1983-1984 agus Comhaltacht P.S.I. i Nua-Eabhrac ón gComhairle Ealaíon. Le linn di a bheith i Nua-Eabhrac, ghnóthaigh sí tréimhse chónaithe i stiúideonna Delfina i Londain agus is ansin a bhí sí lonnaithe anuas go dtí an bhliain 2001.

An fhaid a bhí sí ina cónaí i Londain, bhí a cuid saothair á chur ar taispeáint go fada fairsing agus shaothraigh sí cuid mhór coimisiún ealaíne poiblí. Bhronn an Wapping Arts Trust an gradam 'Art and Work' uirthi as ucht a cuid dealbhóireachta ag 99 Bishopsgate agus bhuaigh sí Gradam an Royal Society of Arts sa bhliain 1998. Roghnaíodh saothar dá cuid le cur ar taispeáint thar ceann na hÉireann ag an Biennale i bPáras sa bhliain 1982 agus ag an Biennale i Sao Paulo sa bhliain 1985. Tá Eilís ar dhuine de stiúrthóirí tionscanta an National Sculpture Factory i gCorcaigh, ina hiarbhall den Chomhairle Ealaíon, ina comhalta de Aosdána, agus ina comhalta den Acadamh Ibeirneach Ríoga.

Sa Ríocht Aontaithe atá an chuid is mó dá cuid saothair ar coimisiún ar taispeáint agus áirítear ar an gcuid is suntasaí an 'Secret Station' ag an Gateway, Cardiff a rinneadh as cré-umha, solas snáthoptaice agus gal sa bhliain 1982 don Cardiff Bay Arts Trust; 'Vowel of Earth Dreaming its Root' ag Marsh Wall, The Isle of Dogs, Londain, saothar dealbhóireachta dhá mhéadar dhéag ar airde a rinneadh as aolchloch Chill Chainnigh don London Docklands Development Corporation; agus droichead coisíochta Pero, droichead luascach rollacháin atá 54 méadar ar fhaid agus a ndearnadh a dhearadh i gcomhar le Ove Arup Engineers i Londain sa bhliain 1999. Tá dhá saothar dealbhóireachta déanta aici ar coimisiún freisin do Chaisleán an Leasa Mhóir i bPort Láirge.

Sa bhliain 2002, thug Cass Foundation ollsaothar cré-umha dá cuid, 'Unfold', ar iasacht don Biennale i Veinéis agus cuireadh saothar dealbhóireachta eile, níos lú ná sin, ar taispeáint i Músaem Guggenheim i Veinéis. Ó d'athraigh sí ar ais go hÉirinn, tá saothar ar coimisiún á dhéanamh aici do chomhlachtaí móra idirnáisiúnta, comhlachtaí stáit agus corparáidí, chomh maith le saothar ar coimisiún do láithreacha éagsúla in Éirinn. Ar cheann de na saothair is suntasaí acu sin, tá 'Reedpod', a bhfuil níos mó ná trí mhéadar déag airde ann agus a rinneadh as copar lámhghaibhnithe agus cruach dhosmálta ar coimisiún ó Howard Holdings le cur ar Ché an Lapaigh i gCorcaigh.

Sa bhliain 2012, bhí O'Connell ar dhuine de sheisear ealaíontóirí ar tugadh cuireadh dóibh cur faoi bhráid a dhéanamh maidir leis an gcéad choimisiún riamh do shaothar dealbhóireachta do láthair faoi leith ar champas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Seoladh an dearadh buacach dá cuidsean le linn théarma chathair Bhaile Átha Cliath mar eagraí ESOF – Fóram Oscailte Eolaíochta na hEorpa. Nocht Ruairí Quinn, T.D., ina Aire Oideachais dó, an saothar cruach a bhfuil cuma an scátháin de bhailchríoch air agus os cionn ceithre mhéadar airde ann don phobal an 15 Samhain 2013. 'Apples and Atoms' is teideal don saothar trína ndéantar comóradh ar Ernest T.S. Walton (1903-95), an chéad eolaí de chuid na hÉireann a ghnóthaigh duais Nobel agus Ollamh Erasmus Smith le Fealsúnacht Aiceanta agus Thurgnamhach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath idir 1946 agus 1974.

Smaointe an ealaíontóra féin faoin bpróiseas ceapadóireachta ba bhun leis an dearadh:

"Nuair a rinne mé taighde ar líníochtaí Walton i gCartlanna Churchill in Cambridge, thug mé faoi deara go raibh sé ábalta go leor eolais a chur i láthair le fíorbheagán líníochta agus téacs. Bhí tionchar ag an gcur chuige glan, mion-aeistéitiúil sin ar an saothar a shocraigh mé a dhéanamh.

Thaitin sféir liom mar ghné fhoirmiúil sa dealbhóireacht mar úsáideadh iad chun spréachbhearnaí a chruthú don luasaire cáithníní a d'úsáid Walton and Cockcroft chun 'an t-adamh a scoilteadh' in 1932.

Tá scáil chrann úll na hÉireann le feiceáil sa charn sféar agus cuireadh iad seo ag fás go speisialta mar léargas ar an bhfear príobháideach agus an dúil a bhí aige bheith ag fás crainn torthaí. Tugann an saothar ómós do na buanna ba mhó a bhí ag Walton - an díocas intleachtúil agus an deaslámhacht a chuir ar a chumas an luasaire cáithníní a dhéanamh lena dhá lámh féin agus an cúram lách a rinne sé dá mhic léinn agus dá chlann. Tá níos mó ná éachtaí acadúla ag baint le fear, tá sé beo chomh maith sna cuimhní a bhíonn ag daoine air."